



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
Scoil Aonad:	Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD
Teideal an Phoist & Limistéar Ábhair <i>(más ábhartha)</i>	Oifigeach Teicniúil – Ainmhithe Feirme
Tréimhse an Phoist:	Post Sealadach (3 bliana) nó Buan (painéal seal./buan 12 mhí T/Canna faoi iamh)
Grád:	Oifigeach Teicniúil
Bainisteoir Líne	Ceann Scoile agus/nó a (h)ainmní
Uimh. Thagartha an Chomórtais	017862
Riarthóir Acmhainní Daonna	Jolanca Desouza

Tá an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ag iarraidh Teicneolaí Ainmhithe Feirme a earcú chun comhoibriú i ról taighde agus tacaíochta foghlama idir Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia agus Scoil na Tréidliachta.

Oibreoidh an té a cheapfar mar chuid d'fhoireann a mhúineann réimse modúl a bhaineann le heolaíocht ainmhithe do mhic léinn fochéime agus iarchéime na talmhaíochta agus na tréidliachta agus a bhfuil cláir taighde cheannródaíochta ag a baill, go háirithe i réimsí chothú, shláinte agus riar na mbó déiríochta.

Ba cheart go mbeidh céim tríú leibhéal san Eolaíocht Ainmhithe, nó i ndisciplín gaolmhara, ag iarrthóirí agus taithe 2-5 bliana acu ag obair i dtimpeallacht taighde. Táthar ag súil go mbeidh taithe shuntasach phraiticiúil ag iarrthóirí ar a bheith ag obair le hainmhithe feirme móra (ba déiríochta go háirithe) agus go mbeidh siad oilte ó thaobh nósanna imeachta a bhaineann le taighde ar bha bainne.

Chomh maith le tacú leis an teagasc fochéime in eolaíocht na talmhaíochta agus na tréidliachta, táthar ag súil go mbeidh ról tábhacht ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi i dtaca le pleanáil, comhordú agus cur chun feidhme tascanna laethúla a bhaineann le tionscadail taighde le ba bainne. Áireofar leis seo oiliúint, ullmhúchán, eagrúchán, bailiú samplaí agus sonraí, anailís saotharlainne (samplaí beatha nó fíocháin ainmhithe) agus sonraí, fuascailt fadhbanna, agus cumarsáid éifeachtach le gach ball foirne. Sannfar roinnt ról a bhaineann leis riar agus cúram ainmhithe i dtionscadail (e.g. cabhrú le leagan amach agus le cothabháil saoráidí ainmhithe le haghaidh tionscadal) i gcomhar le baill eile d'fhoireann Feirme Lyons. Sannfar roinnt ról a bhaineann le ceanglais reachtaíochta institiúideacha agus náisiúnta maidir le teagasc agus taighde a dhéanamh ar ainmhithe beo chuig an té a cheapfar.

De réir mar a leanann gníomhaíochtaí ag forbairt i gcomhréir le riachtanais na hOllscoile agus na hearnála, agus cúrsaí agus cláir taighde á bhforbairt, agus teicneolaíochtaí nua á gcur chun feidhme, tá sé rithabhachtach go mbeidh meon agus cur chuige solúbtha ag an té a cheapfar.

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi bunaithe go príomha ag Feirm Lyons UCD, Cill Droichid, Co. Cill Dara.

Tairgfear don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi conradh sealadach 3 bliana nó post buan ag brath ar a c(h)umais agus a t(h)aithí de réir mar a mheasann an Bord Agallaimh.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Scileanna Teicniúla:

- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeán a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann
- Cur le cothabháil agus cúram trealaimh a bhaineann le taighde agus teagasc araon
- Coinneáil cothrom le dáta le forbairtí teicniúla agus téigh in oiriúint ar theicneolaíochtaí nua

Sláinte agus Sábháilteacht:

- Na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta is fearr a chur chun cinn
- A chinntiú go bhfuil cleachtas sábháilte agus úsáid trealaimh chosanta agus éadaí mar chuid den ghnáthamh ó lá go lá
- Na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht ag an obair a thuairisciú don mhaoirseoir ainmnithe agus iad a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is gá chun srian a choinneáil ar rioscaí, iad a laghdú nó a bhainistiú

Bainistíocht agus Pleanáil:

- Cuspóirí agus an chaoi a nascann siad leis an gclár oibre foriomlán laistigh den Scoil/Aonad a thuiscint
- Tús áite a thabhairt d'obair agus í a eagrú chun spriocanna na Scoile/an Aonaid a bhaint amach
- Cabhrú le gníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála

Scileanna Idirphearsanta:

- Eolas teicniúil a chur in iúl ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigthe
- Éisteacht le daoine eile agus pléigh leo go hógair agus go foighneach.
- Cur go gníomhach le hobair na foirne, dea-shampla a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as a gcinntí féin
- Cuidiú le gnéithe den phróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua
- Freagra a thabhairt ar ghnáthiarratais ar chúnamh ó bhaill foirne

Riachtanais Seirbhíse

- Cur chuige seirbhíse gairmiúla a léiriú i leith gach gné den obair

Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht

- Réimsí nuálaíochta a shainaitheint go réamhghníomhach agus moltaí praiticiúla a fhorbairt lena gcur chun feidhme
- Luach a chur ar smaointe nua agus ionchur ó dhaoine eile
- Sceidil, tascanna agus tosaíochtaí oibre a athrú de réir mar is cuí

Tuarastal: €45,793- €60,117 in aghaidh na bliana

Déanfar ceapachán ar scála agus de réir threoirilínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilityto Compete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear uathu siúd a shamhlaíonn le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil

Critéir Roghnúcháin

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithe a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Céim Onóracha san Eolaíocht Ainmhithe nó i réimse gaolmhar (do dhaoine aonair ar bronnadh céim orthu in UCD tar éis mhí na Samhna 2006); Dioplóma NCEA nó a chomhionann (do dhaoine aonair ar bronnadh céim orthu in UCD roimh mhí na Samhna 2006)
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, idir scileanna béil agus scríofa
- Cumas oibriú go neamhspleách agus faoi threoir chomh maith le cumas oibriú go dlúth le daoine eile mar chuid de thimpeallacht foirne
- Scileanna pleanála agus eagraíochta den scoth lena n-áirítear cumas léirithe oibriú go cruinn agus aird á tabhairt ar mhionsonraí agus scileanna coimeádta taifead maithe
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hobair shaotharlainne/feirme
- Taithí ar thacú le gníomhaíochtaí taighde
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas cabhrú le hathrú in eagraíocht atá ag teacht chun cinn
- Taithí ar chórais táirgthe déiríochta Éireannacha nó ar chórais táirgthe déiríochta eile atá bunaithe ar fhéarthailte
- Taithí shuntasach ar speicis beostoic a aistriú, a láimhseáil agus a locadh (e.g. eallach, caoirigh, muca agus capaill)
- Scileanna maithe teicniúla i réimse ábhartha amháin nó níos mó
- Scileanna maithe scríofa, cainte, eagrúcháin, cumarsáide, ríomhaireachta agus idirphearsanta, agus cumas idirghníomhú go héifeachtach le gach leibhéal ball foirne agus mac léinn
- Feasacht ar na rialacháin a bhaineann le húsáid ainmhithe sa teagasc agus taighde mar atá leagtha síos ag an Údarás Rialála Táirgí Sláinte
- Láncheadúnas tiomána Éireannach
- Caithfidh iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

Inmhianaithe:

- Taithí 3 bliana ar a laghad ag obair i saotharlann nó i dtimpeallacht feirme taighde
- Taithí ag obair i suíomh oideachais lena n-áirítear taithí ar idirghníomhú le gach leibhéal foirne agus mac léinn.
- Oiliúint Gharchabhrach agus Sábháilteachta
- Taithí ar thaighde ar ainmhithe móra agus/nó ar theicnící saotharlainne a bhaineann le cothú ainmhithe
- Taithí ar chórais agus/nó vacsaíní a thabhairt agus/nó samplaí fola agus leachta cogansaí a bhailiú
- Fianaise ar rannchuidiú le foilseacháin phiarmheasúnaithe

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	http://www.ucd.ie/chas/
An Scoil/Oifig Cláir/Aonad:	Scoil na Talmh. agus Eolaíocht an Bhia UCD - Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD Scoil an Leighis Tréidliachta UCD
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	An tOllamh John O'Doherty
Teideal:	Ceannasaí na Rannóige

Seoladh r-phoist:	John.vodoherty@ucd.ie
Fón:	+353 1 716 7218